


# VÓTA: SCÉAL EORPACH

## Deich dtoghchán a chuaigh i bhfeidhm ar an domhan

**TAISPEÁNTAS**

GA

Parlaimint na hEorpa

# VÓTA: SCÉAL EORPACH

## Deich dtoghchán a chuaigh i bhfeidhm ar an domhan

---

**TAISPEÁNTAS**

---

**Foireann:**

Martí Grau Segú, Coimeádaí
Inês Nauwelaers, Coimeádaí cúnta
Debora Righetti, Bainistiú tionscadal

**Buíochas leis na daoine seo a leanas:**

Vladimir Čajkovac, Rocío del Casar Ximénez, Hans De Waegeneer, Christine Dupont, Óscar Fontao Regueira, Vasileios Galanakos, Yann Guillard, Clodagh Hourigan, Albrecht John, Philippe Le Guen, Nathalie Minten, Audrey Mottier, Elisabete Petim, Philippe Peyredieu du Charlat, Maria Teresa Pollastro, Véronique Recher, Frédéric Tadino, Jean-Baptiste Teresa, Josette Torres, Tatiana Tumashik and Lycée Viollet-le-Duc (Villiers-Saint-Fréderic, an Fhrainc).

**Tionscadal ó Pharlaimint na hEorpa, arna chur i gcrích i gcomhpháirt ag Áras Stair na hEorpa (seirbhís Theach Jean Monnet) agus an Parlamentarium.**

*Grianghraf clúdaigh: Toghcháin Eorpacha 1984 sa Fhrainc:*
*© An tAontas Eorpach*

# Clár na nÁbhar


**Cuspóir** **7**

**Réamhrá** **8**

*Forbairt an daonlathais i stair na hEorpa* *8*

*Údair aontacht na hEorpa agus an tóir ar Pharlaimint na hEorpa a thoghfaí go díreach* *10*

**Deich dtoghchán a chuaigh i bhfeidhm ar an domhan** **13**

**1979**
Beirt bhanbhunaitheoirí ar an gcéad lá de Pharlaimint na hEorpa a toghadh go díreach 14

**1984**
Toghcháin nua do Pharlaimint na hEorpa le cumhachtaí níos láidre 16

**1989**
Tar éis an Chogaidh Fhuair, aontas nua a mhúnlú: toghcháin i mbliain thábhachtach 18

**1994**
Eoraip nua Chonradh Maastricht faoi lán seoil 20

**1999**
Fáilte roimh an euro 22

**2004**
Tar éis méadú mór, vóta in Eoraip athaontaithe 24

**2009**
Faoi scáth na géarchéime airgeadais 26

**2014**
Ceapachán Uachtarán an Choimisiúin faoi fhorálacha nua Chonradh Liospóin 28

**2019**
Filleadh an phobail 30

**2024**
An toghchán atá ar na bacáin:
athrú treo? 33

# Cuspóir

I Meitheamh 2024, iarrfar ar shaoránaigh ó Bhallstáit uile an Aontais Eorpaigh a n-ionadaithe a thoghadh do Pharlaimint na hEorpa.

Is é seo an 10ú huair a reáchtálfar toghcháin dá leithéid ó tharla an chéad toghchán díreach do Pharlaimint na hEorpa in 1979. Is oiriúnach, mar sin, machnamh a dhéanamh ar an tslí a bhfuil daonlathas fornáisiúnta na hEorpa tagtha chun cinn, ó bhunús na rannpháirtíochta daonlathaí ar an mór-roinn go dtí tógáil céim ar chéim fíorpholaití Eorpaigh.

Ní hamháin gur deis í an tsúil siar seo chun eolas níos fearr a fháil ar an am atá caite, ach freisin, is slí í chun cabhrú leat rogha eolasach a dhéanamh ag an stáisiún vótála! Tá an daonlathas bunriachtanach; tá do thuairim ríthábhachtach.

# Réamhrá

## *Forbairt an daonlathais i stair na hEorpa*

Tá an-dul chun cinn le feiceáil sa tslí ar fhorbair an daonlathas san Eoraip. Dar le roinnt daoine go dtéann fréamhacha an daonlathais sin siar go dtí an Aithin Chlasaiceach. Dar le daoine eile, nach ionann saoirsí na ré comhaimseartha agus saoirsí an domhain ársa toisc go mbaineann siad le sochaí iomlán, seachas cuid di. Cé gur measadh go raibh an daonlathas oiriúnach do ghrúpaí móra daoine a choinneáil díchumhachtaithe anallód, cuireadh béim i ré na hEagnaíochta ar an gcoincheap gur gá don daonlathas a bheith cuimsitheach.

Ach is minic a cuireadh an nóisean álainn seo i bhfeidhm go teoiriciúil seachas go praiticiúil. Ó dheireadh an 18ú haois, tá baint ag dul chun cinn an daonlathais le cúiseanna tábhachtacha eile i dtreo an chomhionannais, deireadh a chur leis an sclábhaíocht agus leathnú ar chearta sibhialta d'fhir agus do mhná ina measc. Sa 19ú haois, b'éigean don dlisteanacht dhaonlathach nuachruthaithe maireachtáil taobh le taobh le réimis uathlathacha. Cé go raibh síocháin bhuan ann go minic idir náisiúin mar gheall ar an iltaobhachas idir réimis uathlathacha (Münster/Osnabrück in 1648, Utrecht in 1713, agus Vín in 1815), bhí comhrac na ndaoine ar son níos mó saoirsí sibhialta thíos leis, amhail an chos ar bolg a tharla tar éis Chomhdháil Vín in 1815. De réir mar a chuaigh an 19ú haois ar aghaidh, chruthaigh códú an dlí idirnáisiúnta agus cruthú eagraíochtaí idirnáisiúnta cobhsaí níos leithne dálaí ina bhféadfadh na caighdeáin dhaonlathacha a raibh roinnt tíortha á dtástáil cheana féin sa bhaile scaipeadh go hidirnáisiúnta. Bhí an domhan réidh i gcomhair athrú meoin, ina mbeadh luachanna daonlathacha chun tosaigh i gcórais idirnáisiúnta. Ar an drochuair, tharla cogadh mór eile – an Chéad Chogadh Domhanda – sular cuireadh córais dhaonlathacha i bhfeidhm i bhformhór thíortha na hEorpa.

Má tá rud amháin soiléir inniu, is é nach bhfuil aon toghchán iomlán daonlathach gan vótáil chomhchoiteann. San Eoraip, reáchtáladh toghcháin trí vótáil chomhchoiteann den chéad uair go luath sa 20ú haois, sna tíortha Lochlannacha agus i dtíortha eile i dtuaisceart na hEorpa den chuid is mó. Sa chuid eile den Eoraip, b'fhada an lá uaireanta sula raibh vóta ag mná: san Eilvéis níor tharla sé go dtí na 1970í, agus sa Spáinn agus in Türkiye cuireadh tús leis sna 1930í. Ba é barr réime an daonlathais liobrálaigh freisin an tráth a tháinig na dúshláin ba thromchúisí chun cinn: tháinig borradh ar an Naitsíochas agus an Stailíneachas mar gheall ar an gcáineadh a



*Bean Fhionlannach ag vótáil i dToghchán Parlaiminteach 1907.*
*© Fearann poiblí.*

rinneadh faoi leathadh shaoirsí an duine aonair. Mar sin, baineann éabhlóid fhada na dtoghchán daonlathach freisin leis an tslí a nglactar isteach cuid de chúiseanna is tábhachtaí na sochaithe iontu: cearta na mban, cearta na ndaoine díchumhachtaithe agus, go háirithe tar éis an Dara Cogadh Domhanda agus a bhuí le húdair aontacht na hEorpa, cur chun cinn na síochána idirnáisiúnta.

## *Údair aontacht na hEorpa agus an tóir ar Pharlaimint na hEorpa a thoghfaí go díreach*

Tar éis an Dara Cogadh Domhanda, bhí braistint láidir ann gurbh í an teip chun aontacht Eorpach a chruthú idir an dá chogadh an phríomhchúis leis an gcliseadh ar an tsíocháin agus ar an daonlathas. Le dréachtú dhearbhú Schuman in 1950, tháinig Jean Monnet ar shlí chun cinniúint na síochána, an daonlathais agus aontacht na hEorpa a nascadh le chéile. Ina theannta sin, ní hamháin gur leag Monnet an bhunchloch d'Eoraip theicnealathach ach d'oibrigh sé go dícheallach ar son dhaonlathú na n-institiúidí Eorpacha thar na blianta ina dhiaidh sin, trí thacú le toghcháin dhíreacha do Pharlaimint na hEorpa.

Rinneadh an obair seo go príomha tríd an gCoiste Gníomhaíochta do Stáit Aontaithe na hEorpa. Mar sin, spreag cúis na síochána an tionscadal daonlathach is uaillmhianaí ar domhan: toghcháin fhornáisiúnta san Eoraip. Ó 1979 i leith, tá cinniúint ár mór-roinne á stiúradh ag toghcháin dhíreacha dhaonlathacha do Pharlaimint na hEorpa trí rannpháirtíocht daoine agus trí mhéadú a cumhachtaí institiúideacha.

Ón tús, mar ab amhlaidh i mórán réimsí eile, d'oibrigh na bunaitheoirí Eorpacha as lámha a chéile chun tionscadal aontacht na hEorpa a pharlaimintiú: d'oibrigh iarPhríomh-Aire na Beilge, Paul-Henri Spaak, i ndlúthchomhar le Monnet, agus bhí sé ina chéad uachtarán ar Chomhthionól an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach in 1952. Tháinig iarPhríomh-Aire na hIodáile, Alcide De Gasperi, i gcomharbacht air in 1954. Bhí an triúr fear ag brath ar an Tionól chun carachtar fornáisiúnta an mhórthionscadail institiúidigh Eorpaigh nuachruthaithe a chur chun cinn.

Cruthaíodh dhá Chomhphobal Eorpacha eile in 1958: Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus EURATOM. Bhí an fear a d'fhormhuinigh agus a d'fhógair treoirphlean Monnet d'Eoraip aontaithe don domhan, iarPhríomh-Aire agus Aire Gnóthaí Eachtracha na Fraince, Robert Schuman, ina uachtarán ar an reachtas nua inar aontaíodh ionadaithe na dtrí Chomhphobal: Tionól Parlaiminteach na hEorpa.




*Robert Schuman i dTionól Parlaiminteach na hEorpa, ar ócáid chomóradh 10 mbliana de Dhearbhú Schuman. 10 Bealtaine 1960.*

*© An tAontas Eorpach*




*Toghcháin Eorpacha 1984 san Iodáil*

*© An tAontas Eorpach*

# Deich dtoghchán a chuaigh i bhfeidhm ar an domhan

# 1979
## Beirt bhanbhunaitheoirí ar an gcéad lá de Pharlaimint na hEorpa a toghadh go díreach

Tharla an chéad toghchán díreach Eorpach tar éis streachailt fhada. Tráth dul chun cinn ab ea lár na 1970í don aontacht Eorpach: tháinig an chéad mhéadú ar an gComhphobal Eorpach, cuireadh tús le comhar airgeadaíochta Eorpach, agus cruthaíodh an Chomhairle Eorpach. Do bhunaitheoir dála Jean Monnet, nuair a tharla na chéad toghcháin dhíreacha Eorpacha, bhí sé in am dó deireadh a chur lena ghníomhaíocht gan staonadh agus dul ar scor. D'fhéadfadh sé muinín a bheith aige ag an bpointe sin go leanfadh glúin nua de cheannairí a toghadh go daonlathach leis an obair a bhíodh ar siúl aige.

I Meitheamh 1979, rinne saoránaigh ó na naoi mBallstát a slí chun stáisiún vótála chun a vóta a chaitheamh. D'eascair íocónagrafaíocht nua as an bhfeachtas toghcháin – póstaeir, fógraí teilifíse agus marsantú – a chuir béim ar chomhchinnteoireacht. Tháinig thart ar 62% den phobal amach chun vótáil.

Ar an gcéad lá sa Pharlaimint nua, bhí beirt bhan i gceannas. Ba í an feisire ba shine, Louise Weiss, a bhí ag stiúradh an phlé ar dtús. Bhíodh sí i gcónaí go mór ar son aontacht na hEorpa agus bhí sí tar éis a bheith i mbun feachtais ar son chearta na mban ó bhí na fichidí ann. Anois, bhí an buaicphointe bainte amach aici sa dá ghné sin dá gairm. Thug Weiss ceannas an dlísheomra ansin don chéad uachtarán a toghadh go daonlathach ar an reachtas Eorpach, Simone Veil, iar-aire sa Fhrainc agus marthanóir ón Uileloscadh a throid go láidir ar son chearta atáirgthe na mban. Tar éis ré na mbunaitheoirí fear sna naoi déag caogaidí, bhí an Eoraip ag slógadh a banbhunaitheoirí!

Sa dara cuid den téarma parlaiminteach, a thosaigh in 1982, ba é Piet Dankert ón Ísiltír an t-uachtarán.



*Louise Weiss ag cur fáilte roimh Simone Veil a bhí nua-thofa ina hUachtarán Pharlaimint na hEorpa. 17 Iúil 1979.*

*© An tAontas Eorpach*

# 1984
## Toghcháin nua do Pharlaimint na hEorpa le cumhachtaí níos láidre

Tar éis na gcéad toghchán do Pharlaimint na hEorpa, d'ainneoin na dlisteanachta daonlathaí a bhí faighte aici le déanaí, ní raibh ach cumhachtaí teoranta ag an bParlaimint. Bhí go leor daoine míshásta leis seo, agus d'fhéach roinnt Feisirí neamhbhalbha le hathrú a éileamh láithreach. Mura bhféadfaidís é a bhaint amach tríd an reachtaíocht, bhainfidís amach go praiticiúil é. Mar shampla, ba shlí chun dul i bhfeidhm ar líon méadaitheach réimsí beartais é cumhachtaí buiséadacha na Parlaiminte a mhéadú. Bhí áit thábhachtach ag Altiero Spinelli, a bhí go mór ar son aontacht na hEorpa ó na 1940í i leith, i measc na mbróicéirí polaitiúla sin.

In 1941, agus é i bpríosún ar oileán bídeach Ventotene, dhréachtaigh Spinelli agus roinnt daoine eile a bhí i gcoinne an Fhaisisteachais forógra d'Eoraip fheidearálach. Agus é ina chogadh dearg mórthimpeall orthu, ba léir nach bhféadfadh an córas idirnáisiúnta filleadh ar an status quo a bhíodh ann roimhe sin nuair a bheadh an Dara Cogadh Domhanda thart. Ina dhiaidh sin, rinneadh Coimisinéir Eorpach de Spinelli, agus bhí sé ina iarrthóir i dtoghcháin Pharlaimint na hEorpa in 1979. Mar cheann ar Chlub an Chrogaill, a ainmníodh as an mbialann in Strasbourg inar bhuail a bhaill le chéile, chuir Spinelli ar aghaidh Dréachtchonradh ag bunú Aontas Eorpach, téacs ina bhfuil meon Feidearálach. Ghlac Parlaimint na hEorpa an téacs i bhFeabhra 1984. Bhí go leor i ngeall go polaitiúil sna toghcháin a bhí ar na bacáin.

Ba é an chéad uair chomh maith ag an nGréig páirt a ghlacadh sna toghcháin Eorpacha mar Bhallstát. Tháinig 59% den phobal amach chun vótáil, agus toghadh Pierre Pflimlin ón bhFrainc ina uachtarán ar an institiúid, agus é ar an gcéad iarPhríomh-Aire de Bhallstát a toghadh ina uachtarán ar Pharlaimint na hEorpa. Bhí Charles Henry Plumb, ón Ríocht Aontaithe, ina uachtarán ansin ó 1987. Ós rud é gur tháinig an Spáinn agus an Phortaingéil isteach sa Chomhphobal Eorpach leathshlí tríd an téarma parlaiminteach, beartaíodh toghchán páirteach dóibh in 1987. Cé nár thacaigh na Ballstáit sa deireadh leis an Dréachtchonradh ag bunú Aontas Eorpach, réitigh an téacs an tslí d'fhorbairtí úrnua a bhí le teacht, amhail formheas na hIonstraime Eorpaí Aonair agus, ar deireadh thiar, cruthú an Aontais Eorpaigh.



*Altiero Spinelli.*

*© Cartlanna Stairiúla an Aontais Eorpaigh*

# 1989

## Tar éis an Chogaidh Fhuair, aontas nua a mhúnlú: toghcháin i mbliain thábhachtach

Tharla toghchán 1989 i mbliain an-stairiúil. Tar éis daichead bliain den Chogadh Fuar, d'achrann Thoir-Thiar ar an ardán domhanda, bhí an Bloc Thoir faoi cheannas an Aontais Shóivéadaigh ag titim as a chéile agus bhí tíortha lár agus oirthear na hEorpa ag bogadh go tapa i dtreo an daonlathais iolraíoch. Sa Chomhphobal Eorpach, bhí Jacques Delors, iar-aire ón bhFrainc a ndearnadh uachtarán ar an gCoimisiún Eorpach de in 1985, ag stiúradh gníomhaíocht chlaochlaitheach nach bhfacthas a leithéid roimhe sin.

D'fhormheas na Ballstáit Ionstraim Eorpach Aonair Delors, a bhí bunaithe go páirteach ar Dhréachtchonradh Spinelli ag bunú Aontas Eorpach. Ba chéim chinniúnach an Ionstraim sin i dtreo Aontas Eorpach a bhaint amach – Aontas a gcumhdófaí raon leathan réimsí beartais lena chumhachtaí. Mar sin, reáchtáladh an tríú toghchán Eorpach le súil i dtreo an eintitis pholaitiúil nua sin, a mbeadh tréithe gníomhaí idirnáisiúnta lánchuimsithigh aige ó thaobh caidreamh seachtrach de agus a mbeadh comhtháthú inmheánach aige ar leibhéal nach bhfacthas a leithéid riamh cheana. Agus caibidlíocht ar an gconradh fós ar siúl, tháinig thart ar 58% den phobal amach chun vótáil.

Thogh an pharlaimint nua Enrique Barón ón Spáinn ina uachtarán. Toghadh Egon Klepsch ón nGearmáin ina uachtarán in 1992 don dara leath den téarma. Tharla athruithe móra stairiúla le linn an reachtais nua, amhail titim Bhalla Bheirlín, athaontú na Gearmáine agus an chabhair airgeadais láidir do na haistrithe daonlathacha i dtíortha lár agus oirthear na hEorpa. Bhí tionchar cinntitheach ag an reachtas i dtaobh comhtháthú breise a chur san áireamh agus an Conradh ar an Aontas Eorpach, ar a dtugtar Conradh Maastricht freisin, á dhréachtú agus á dhaingniú. Rugadh Eoraip nua!




*Póstaer ón Iodáil do thoghcháin 1989 do Pharlaimint na hEorpa.*
*© Parlaimint na hEorpa*

# 1994
## Eoraip nua Chonradh Maastricht faoi lán seoil

Thart ar bhliain amháin tar éis do Chonradh Maastricht teacht i bhfeidhm, rud a chruthaigh an tAontas Eorpach, glaodh ar shaoránaigh Eorpacha arís chun vótáil. Faoin dáileadh nua cumhachtaí, mhéadaigh Parlaimint na hEorpa a stádas go mór, agus í ag gníomhú anois mar chomhreachtóir ar chomhchéim le Comhairle na nAirí. Bhí tionscadail uaillmhianacha nua a bheadh ina spreagadh don mhórthionscadal Eorpach ina iomláine — i.e. an méadú a bhí beartaithe i dtreo an oirthir agus an deiscirt, an treoirphlean le haghaidh airgeadra aontaithe — faoi réir cinnteoireacht dhaonlathach agus grinnscrúdú poiblí a dhéanfadh Fheisirí Pharlaimint na hEorpa anois.

Agus na toghcháin nua á reáchtáil, bhí tuiscint ann go raibh roghanna tábhachtacha le déanamh (méadú Eorpach: cé chomh mór?) agus gur ghá drogall na saoránach a cheansú (an mbeidh airgeadra aonair tairbheach nó nach mbeidh?). Ba ghá beartais nua a ghníomhachtú nó a threisiú, amhail na cinn a bhain leis na bonneagair a bhí á maoiniú trí bheartais réigiúnacha, a bhí ina léiriú ar idirnascacht nua na mór-roinne.

Tháinig thart ar 57% den phobal amach chun vótáil. Toghadh Klaus Hänsch ón nGearmáin ina uachtarán ar Pharlaimint na hEorpa in 1994. Toghadh José María Gil-Robles ón Spáinn ina uachtarán ansin don dara leath den téarma in 1997. Ó tháinig méadú ó 12 Bhallstát go 15 Bhallstát ar an Aontas an 1 Eanáir 1995, thogh an Ostair, an tSualainn agus an Fhionlainn a n-ionadaithe i bpáirt-toghcháin le linn 1995 agus 1996. Thug na Ballstáit úrnua seo traidisiún láidir isteach leo a bhain le neamh-ailíniú agus le hardchaighdeáin shóisialta agus chomhshaoil. Bhí dearcadh nua ag an domhan i leith na hEorpa chomh maith: bhí scéal nua lán le dóchas faoi bhláth sa Sean-Domhan, agus bhí an chuma ar an scéal go n-éireodh níos fearr leis an modh Eorpach ná le modh iarbhloic an Chogaidh Fhuair.



*Toghcháin Eorpacha sa Bhruiséil an 12 Meitheamh 1994.*
*© An tAontas Eorpach*

# 1999
## Fáilte roimh an euro

Bhí dul chun cinn an airgeadra aonair ar tí rud inláimhsithe a thabhairt isteach: nótaí agus boinn euro. Cuireadh borradh faoi mhéadú mór ar an Aontas nuair a cuireadh tús le caibidlíochtaí aontachais le 12 thír is iarrthóirí in 1998. Tharla toghchán Eorpach deireanach an 20ú haois in uair na cinniúna polaitíochta, agus ba chinnte go mbeadh éifeachtaí forleathana ag toradh an toghcháin sin.

Más dealraitheach go raibh an tsíocháin slán, tar éis beagnach caoga bliain de lánpháirtiú na hEorpa mar aon le deich mbliana ó dheireadh an Chogaidh Fhuair, mheabhraigh coinbhleacht na Cosaive dúinn a leochaileacht, faoi mar a mheabhraigh cogaí na hIúgslaive roimhe sin. Ba chosúil gur ghá beartas seachtrach Eorpach ní ba láidre chun cobhsaíocht a thabhairt don mhór-roinn. Le linn an téarma pharlaimintigh ina dhiaidh sin, bhí sé i gceist go pointe áirithe le síniú Chonradh Nice (2001), lenar leasaíodh Conradh Maastricht (1992) agus Conradh na Róimhe (1957) araon, go n-ullmhófaí an tAontas do bhallraíocht mhéadaithe.

Tháinig 58% den phobal amach chun vótáil. Toghadh an polaiteoir ón bhFrainc, Nicole Fontaine, ina uachtarán ar Pharlaimint na hEorpa do chéad leath an téarma in 1999 agus toghadh an polaiteoir Éireannach Pat Cox ina uachtarán don dara leath den téarma in 2002. Le linn an téarma pharlaimintigh sin, tháinig an euro i gcúrsaíocht an 1 Eanáir 2002, agus bunaíodh Coinbhinsiún chun Bunreacht na hEorpa a dhréachtú, ach chonacthas dúshláin mhóra freisin do ról an Aontais Eorpaigh mar ghníomhaí domhanda. Chuir ionsaithe an 11 Meán Fómhair 2001 i Nua-Eabhrac agus in Washington an comhrac in aghaidh na sceimhlitheoireachta os comhair an tsaoil ar shlí nach bhfacthas riamh cheana. Roinn ionradh na Stát Aontaithe ar an Iaráic an tAontas ina dhá ghrúpa tíortha: na tíortha sin a thaobhaigh leis na Stáit Aontaithe agus na cinn sin a bhí cáinteach: spreag sé sin idirdhealú diúltach idir 'Sean-Eoraip' agus 'Eoraip Nua' fiú!




*Seastáin eolais do na toghcháin Eorpacha a bhí le teacht i Meitheamh 1999.*

*© An tAontas Eorpach*

# 2004

## Tar éis méadú mór, vóta in Eoraip athaontaithe

Ba ghá an scoilt idir tíortha Eorpacha a d'eascair as an gcogadh san Iaráic a leigheas, agus is cinnte gur chuir an méadú ba mhó ar an Aontas go dtí sin deis mhór ar fáil chun é sin a dhéanamh. Tar éis níos mó ná caoga bliain de scaradh domhain, in 2004 bhí an mhór-roinn réidh don chéad bhabhta eile. Bhí deich mBallstát nua ag teacht isteach sa chlub, ocht gcinn ó lár agus oirthear na hEorpa (Poblacht na Seice, an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin, an Ungáir, an Pholainn, an tSlóvaic agus an tSlóivéin) agus dhá cheann ó dheisceart na hEorpa (an Chipir agus Málta). D'fhéadfadh a saoránaigh vótáil sna toghcháin an bhliain chéanna freisin. Rinneadh Ballstáit den Bhulgáir agus den Rómáin in 2007.

Tháinig thart ar 46% den phobal amach chun vótáil. Bhí Josep Borrell ón Spáinn ina uachtarán ar Pharlaimint na hEorpa in 2004 don chéad leath den téarma, agus ansin bhí Hans-Gert Pöttering ón nGearmáin ina uachtarán don dara leath. D'ainneoin an mheoin i bhfabhar na hEorpa, áfach, ba ghearr an mheidhréis mar bhí drochthuar ar an spéir. In 2005, dúirt saoránaigh na hÍsiltíre agus na Fraince 'níl' i reifreann ar an Dréachtchonradh do Bhunreacht Eorpach, rud a thabharfadh an tAontas céim níos gaire d'Eoraip Fheidearálach. Ba léir go raibh roinnt tíortha ag éirí cortha den mhéadú: leis an dua ar fad a bhain le hoiriúnú, arbh fhiú an Eoraip?

Mar sin féin, ní chuirfí amú an dul chun cinn ar fad a rinneadh chun cruth a chur ar Eoraip nua: tháinig tréimhse mhachnaimh tar éis do na tíortha sin diúltú don Chonradh Bunreachtúil. Cad a dhéanfaí anois? Shábháil Dearbhú Bheirlín, a chomhshínigh an tUachtarán Pöttering i Márta 2007, go leor d'fhorálacha an Chonartha Bhunreachtúil in am don chéad toghchán eile. Dhéanfaí Conradh Liospóin (ar a dtugtaí an Conradh um Athchóiriú ar dtús) de na forálacha sin ar ball.




*Lá an mhéadaithe: teacht na mbratach nua. An Bhruiséil, 1 Bealtaine 2004.*
*© An tAontas Eorpach*

# 2009
## Faoi scáth na géarchéime airgeadais

Faoin am a tháinig Conradh Liospóin i bhfeidhm an 1 Nollaig 2009, ní hamháin go raibh toghcháin nua tar éis a bheith ann ach bhí géarchéim mhór tar éis an geilleagar domhanda a bhualadh freisin, le hiarmhairtí tromchúiseacha airgeadais, sóisialta agus polaitiúla. Ba mhó seans anois go mbeadh eagla mar spreagadh ag na toghthóirí, agus bhí bainistiú na heagla sin ar cheann de phríomhchúraimí na n-ionadaithe polaitiúla.

Cinnte, bhí sólás éigin ann: nuair a toghadh Barack Obama ina Uachtarán ar Stáit Aontaithe Mheiriceá in 2008 cuireadh tús le ré nua sa chaidreamh trasatlantach; bhí glasú na táirgeachta tionsclaíochta ina mhana uileláithreach. Ach ar leor sin?

Tháinig 43% den phobal amach chun vótáil. Toghadh Jerzy Buzek, iarPhríomh-Aire na Polainne, ina uachtarán in 2009, agus bhí sé ar an gcéad uachtarán ó lár agus oirthear na hEorpa sa phost. Ghlac Martin Schulz ón nGearmáin an uachtaránacht ansin in 2012.

In 2010, chuir an bhagairt go loicfeadh an Ghréig ar a fiacha tús le géarchéim fiachais cheannasaigh na hEorpa; tharla géarchéim airgeadais in Éirinn ansin agus lean géarchéimeanna fadtéarmacha in go leor Ballstáit eile an ceann sin, mar a tharla ar fud an domhain chomh maith. Bhí suaitheadh gar do theorainneacha an Aontais chomh maith: spréach Earrach na nArabach, a thosaigh in 2010, in 2011, an bhliain chéanna a thosaigh an cogadh sa tSiria. In 2013, thosaigh agóidí Euromaidan i gCív, agus tharla ionghabháil na Rúise ar an gCrimé agus cogadh in Donbas ina dhiaidh sin in 2014.




*Feachtas fógraíochta do na Toghcháin Eorpacha. Marseille, an Fhrainc, 2009.*
*© An tAontas Eorpach*

# 2014
## Ceapachán Uachtarán an Choimisiúin faoi fhorálacha nua Chonradh Liospóin

Thug toghchán 2014 isteach próiseas na Spitzenkandidaten, nó príomhiarrthóirí: sa chóras sin, ainmníonn páirtithe polaitiúla Eorpacha a bpríomhiarrthóir roimh na toghcháin Eorpacha, rud a ligeann do shaoránaigh tionchar díreach a imirt ar rogha cheann an fheidhmeannais Eorpaigh lena vóta sna toghcháin Eorpacha. Bíonn an páirtí is mó tar éis an toghcháin i dteideal ainm Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh ina dhiaidh sin a mholadh, a bhíonn le toghadh níos déanaí ag Parlaimint na hEorpa trí thromlach dá Feisirí. Braitear go forleathan gur slí é sin chun toghcháin do Pharlaimint na hEorpa 'a Eorpú'.

Soláthraíonn Conradh Liospóin an bonn don ról feabhsaithe seo atá ag Parlaimint na hEorpa i gceapadh uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh. Mar sin, toghadh Jean-Claude Juncker ina uachtarán nua ar an gCoimisiún Eorpach tríd an gcóras sin. Vótáil 43% den phobal sa toghchán sin. In 2014, atoghadh Martin Schulz, a bhí ina uachtarán ar Pharlaimint na hEorpa cheana féin ó 2012, don chéad leath den téarma. Ba é an chéad uachtarán ar Pharlaimint na hEorpa é a atoghadh. Bhí Antonio Tajani ina uachtarán ansin in 2017.

Le linn an téarma pharlaimintigh ina dhiaidh sin, thug na Feisirí aghaidh ar thimpeallacht a bhí ag athrú go tapa, sa bhaile agus thar lear. I lár 2016, gan choinne, chinn tromlach de shaoránaigh na Breataine gur cheart dá dtír an tAontas Eorpach a fhágáil. B'éigean rabhadh a thabhairt do roinnt rialtas i mBallstáit a bhí ag sleamhnú i dtreo an 'daonlathais mhíliobrálaigh'. Chuir toghadh Donald Trump mar Uachtarán na Stát Aontaithe in 2016 an caidreamh idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe faoi bhrú.




*Díospóireacht Eoraifíse in 2014 idir iarrthóirí ar Uachtaránacht an Choimisiúin Eorpaigh.*
*© An tAontas Eorpach*

# 2019
## Filleadh an phobail

I dtoghchán 2019 tháinig 51% den phobal amach chun vótáil. Ba é seo an chéad ardú ar rannpháirtíocht sna toghcháin ó chéad toghcháin an Aontais in 1979 agus b'ionann é agus an toghchán trasnáisiúnta ba mhó riamh. Rinneadh uachtarán Pharlaimint na hEorpa de David Sassoli, agus in Eanáir 2022 lean Roberta Metsola é, an t-uachtarán is óige riamh sa Pharlaimint.

Cheap formhór na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha príomhiarrthóirí arís d'Uachtaránacht an Choimisiúin Eorpaigh roimh thoghcháin Eorpacha 2019. Ina dhiaidh sin, mhol an Chomhairle Eorpach Ursula von der Leyen, nach raibh ina príomhiarrthóir, do Pharlaimint na hEorpa mar iarrthóir d'Uachtaránacht an Choimisiúin Eorpaigh. Thogh Parlaimint na hEorpa ansin í, ag baint feidhm as a cumhachtaí grinnscrúdaithe.

Bhí saincheisteanna cosanta aeráide le sonrú go mór i dtoghchán 2019, agus é le haithint ar an gcomhshaol go raibh meath scanrúil ag teacht ar chúrsaí ar fud an domhain. Le linn an téarma dár gcionn, bhí ar na Feisirí aghaidh a thabhairt ar imeacht iarbhír na Ríochta Aontaithe. In 2020, thosaigh paindéim COVID-19. Chinn na hinstitiúidí Eorpacha Comhdháil ar Thodhchaí na hEorpa a ghairm chun breathnú amach romhainn, ag tosú in 2021. In 2022, d'ionsaigh an Rúis an Úcráin.




*Toghcháin Eorpacha 2019: cúlstáitse ar oíche na dtoghchán.*
*© An tAontas Eorpach*

# 2024

## An toghchán atá ar na bacáin: athrú treo?



*Tús le straitéis Thoghcháin Eorpacha 2024. Parlaimint na hEorpa, an 16 Samhain 2022.*

*© An tAontas Eorpach*

Mar is léir ón tsraith seo de thoghcháin uile na hEorpa ó 1979 i leith, ba shaintréith de gach toghchán Eorpach díospóireachtaí agus saincheisteanna polaitiúla a linne.

Tá a scéal ar cheann de na sainghnéithe de mhúnlú polaití fíor-Eorpach, agus ina léiriú ar na príomhábhair imní agus na streachailtí i réimse polaitiúil gach ré.

Ina thaobh sin, cad atá i ndán do thoghchán Eorpach 2024? Tá deis chainte agatsa!






L030291 GA | DG ITEC, EDIT Directorate | © An tAontas Eorpach, 2024 – EP